**Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019**

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## 27 Eanáir - 3 Feabhra 2019

# CEILIÚRADH

## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 in Bhur Scoil Féin

Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 ar siúl ón 27 Eanáir go 3 Feabhra 2019. Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná: Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh.

Tá athrú ag teacht ar shochaí na hÉireann, agus caithfear machnamh a dhéanamh maidir leis an ionchur sainiúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha le spriocanna an oideachais a bhaint amach.
Baineann éiteas fáilteach, ionchuimsitheach, beo beathach leis an scoil Chaitliceach. Glactar leis go dtógtar an mac léinn in íomhá Dé (imago Dei). Ciallaíonn sé seo go gcabhraítear leis an dalta lánachmhainneacht a chomhlíonadh go spioradálta, go sóisialta, go hacadúil, gan trácht ar chúlra, ar chreideamh nó ar eitneacht. Toisc go dtógtar in íomhá De sinn tá an cumas ionainn aire a thabhairt dúinn féin, dá chéile agus don chomhshaol.

Bíonn an scoil Chaitliceach tiomanta chuige na spriocanna seo a bhaint amach, ach baineann cur chuige éagsúil leis na scoileanna éagsúla. Bíonn tionchar ag an bpobal áitiúil ar shaol na scoile, cuma an scoil bheag tuaithe nó scoil mhór chathartha, nó scoil ileitneachta í. Baineann cur chuige uathúil le bheith ag iarraidh lánachmhainneacht an dalta maidir le scileanna agus tallanna a chomhlíonadh ar bhealach iomlánaíoch.

Deir Naomh Pól sa chéad litir chuig na Corantaigh: 'Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála chéanna ag Críost é.'
Is baill iad na scoileanna Caitliceacha den chomhluadar seo atá ag iarraidh Ríocht Dé a thógáil. Bíonn an misean á chomhlíonadh ar bhealaí éagsúla uathúla acu. I mbliana beidh obair luachmhar na scoile Caitlicí sin agaibhse á cheiliúradh againn.


Téamaí an Lae:

| | |
|---|---|
| Luan: | Traidisiún Beo |
| Máirt: | Fáilte roimh Éagsúlacht |
| Céadaoin: | Idirghlúine |
| Déardaoin: | Freastal ar an bPobal |
| Aoine : | Tacú le Creideamh |

Tá na hacmhainní eagraithe ar bhealach atá oiriúnach do na grúpaí ranganna seo leanas: Naíonáin Shinsearacha & Shóisearacha /Bunscoil 1 & 2; Rang 1 & 2/Bunscoil 3 & 4; Rang 3 & 4/ Bunscoil 5 & 6; agus Rang 5 & 6/Bunscoil 7.

Déantar na snáithe agus na snáithaonaid don churaclam réamhscoile agus bunscoile oideachas reiligiúnach Caitliceach in Éireann(2015) a liostáil ag tosach gach plean ceachta.

Ar an gCéadaoin beidh Lá na Seantuismitheoirí á cheiliúradh againn. Moltar gníomhaíochtaí áirithe don rang ar an lá sin. Cuirtear seirbhís urnaí ar fáil le húsáid sa seomra ranga agus moltaí don cheiliúradh sa pharóiste chomh maith. Beidh gach acmhainn ar fáil ag: www.catholicschools.ie



BUNSCOIL

# MACHNAMH
## AN LAE

Léigh an machnamh os ard sa seomra ranga nó thar chóras idirchumarsáide na scoile le go gcloisfí ar fud na scoile é. Is féidir le dalta nó le  ball foirne é a léamh. Ina dhiaidh sin is féidir tráth ciúnais a chaitheamh ar mhaithe leis an smaoineamh Críostaí.

## LUAN: TRAIDISIÚN BEO

Déantar ceiliúradh inniu ar an gcead lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019. Bíonn ár dtraidisiúin féin againn ar scoil agus sin an fáth le go mbímid uathúil agus éagsúil ó scoileanna eile. Déanaimid ár nósanna fiúntacha suaithinseacha féin a cheiliúradh mar scoil Chaitliceach inniu. Is cuid den traidisiún beo sinn.

URNAI: A Thiarna, cabhraigh linn na tallanna agus na bronntanais atá againn a úsáid i gceart le maireachtáil de réir mar a d'iarr Íosa orainn. Amen.

## MÁIRT: FÁILTE ROIMH ÉAGSÚLACHT

Iarrtar orainn inniu smaoineamh ar an mbealach ina ndéantar fáilte isteach a chur roimh chách sa scoil Chaitliceach. Mhúin Íosa dúinn plé leis an duine eile ar an mbealach céanna inar mhaith linn go bpléifí linn féin. Cabhraíonn gach duine againn le saol na scoile a fheabhsú, is cuma cad as dúinn nó cad é an cúlra a bhaineann linn. Bíonn ionchur éagsúil agus uathúil againn le bronnadh ar shaol na scoile mar chlann chomhionann Dé, agus caithfear é sin a cheiliúradh.

URNAI: A Dhia chaoin, cabhraigh linn pobal fáilteach a thógáil ar scoil, díreach mar a mhúin Íosa féin dúinn. Amen.



# CÉADAOIN: LÁ NA SEANTUISMITHEOIRÍ

Inniu Lá na Seantuismitheoirí. Glacann siad páirt shuntasach inár saol. Bíonn siad mar mhúinteoirí tábhachtacha a thugann le fios dúinn conas a bheith grámhar aireach, agus roinnt le daoine eile. Múineann siad dúinn go bhfuil gá ar leith ann le go dtabharfaimis aire dá chéile. Tugann siad eolas faoi Dhia dúinn, agus déanann siad an urnaí a theagasc dúinn mar bhealach iontach le teagmháil a dhéanamh le Dia. Beidh na seantuismitheoirí á gceiliúradh inniu againn mar bhronntanas Dé.

URNAI: A Thiarna, gabhaimid buíochas as na seantuismitheoirí. Deonaigh go mbeimid buíoch as gach a mhúineann agus a ndéanann siad dúinn. Amen.

# DÉARDAOIN: FREASTAL AR AN BPOBAL

Beimid ag machnamh inniu ar an mbealach ina mbíonn an scoil seo againne ag freastal ar phobal an cheantair. Múintear dúinn sa scoil Chaitliceach aire cheart a thabhairt dúinn féin, a bheith bách le các agus ár gcuid tallann a roinnt ar an bpobal. Iarrann Íosa orainn cabhrú leis an bpobal áitiúil agus aire a thabhairt do dhaoine, agus déanaimid na bealaí ina gcuirimid teachtaireacht Chríost i bhfeidhm i measc an chomhluadair a cheiliúradh inniu.

URNAI: A Thiarna tabhair treoir agus cabhair dúinn le go bhféadfaimis comhoibriú lena chéile agus freastal ar an bpobal leathan áitiúil. Amen

# AOINE: TACÚ LE CREIDEAMH

Tá Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ag druidim chun deiridh agus iarrtar orainn machnamh a dhéanamh ar an mbealach inar féidir ár gcreideamh a cheiliúradh. Is féidir leis an scoil Chaitliceach cabhrú linn teachtaireacht Íosa a chur i bhfeidhm. Déanaimid teagmháil le Dia tríd an urnaí, agus beidh grá Dé ar fáil i gcónaí dúinn. Bímid ag foghlaim maidir leis an Eocairist, an Fhaoistin, Cóineartú agus ar an mbealach ina dtugann na sacraimintí níos gaire do Dhia sinn. Tuigtear dúinn gur de chlann Dé sinn trí na scéalta, na ceachtanna, na hamhráin a bhíonn ar scoil againn, agus gur féidir linn domhan caoin cothrom trócaireach grámhar a thógáil má bhainimid úsáid as na tallanna a bhronntar orainn. Inniu déanaimid an creideamh a chothaíonn an scoil Chaitliceach ionainn a cheiliúradh.

URNAI: LA Thiarna, cabhraigh leis an scoil Chaitliceach seo againne an creideamh a cheiliúradh i gceart. Amen.



# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

## Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

27 Eanáir – 3 Feabhra 2019

Gearr feadh na líne poncanna agus fill thart ar an gcoinneal urnaí. Bí cinnte de, an fillteán a bhaint sula ndónn an choinneal anuas air.